2024/1217

30.4.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1217 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Aibreán 2024

maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí meapainipirim, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2004/62/CE ón gCoimisiún ([2]) áiríodh meapainipirim mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí meapainipirim, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Márta 2025.

(4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Beilge, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Gréige, an Ballstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí meapainipirim a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha is gá faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith comhlánaithe ina iomláine.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 3 Bealtaine 2016. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí an formheas ar mheapainipirim a athnuachan.

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit chomh maith chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.
([2]) Treoir 2004/62/CE ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2004 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun meapainipirim a áireamh mar shubstaint ghníomhach (IO L 125, 28.4.2004, lch. 38).
([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

(8) An 12 Bealtaine 2017, chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh ([6]) in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh meapainipirim na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(9) Chuir an Coimisiún dréacht-tuarascáil athnuachana tosaigh i gcás meapainipirime faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 5 Deireadh Fómhair 2017.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 14(1d), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás athmheasúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh na substainte gníomhaí.

(11) An 14 Iúil 2023, chuir an tÚdarás an chonclúid nuashonraithe uaidh ([7]) in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh meapainipirim na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, mar aon lena measúnú críochnaithe ar airíonna suaiteora inchrínigh.

(12) Shainaithin an tÚdarás roinnt ábhair imní shonracha. Go háirithe, tháinig sé ar an gconclúid go meastar go gcomhlíonann meapainipirim na critéir maidir le suaiteoirí inchríneacha le haghaidh daoine agus mamaigh fhiáine mar orgánaigh nach spriocorgánaigh iad a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, mar gheall ar a módúlachtaí éastraigine, andraigine agus stéaróidiginis. Ní féidir nochtadh diomaibhseach daoine do mheapainipirim a léiriú ós rud é go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh iarmhair os cionn an luacha réamhshocraithe 0,01 mg/kg chun cinn. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ina theannta sin, sainaithníodh ardriosca fadtéarmach do mhamaigh fhiáine a nochtar do mheapainipirim trí nochtadh cothúcháin, le haghaidh gach úsáide ionadaíche. Ina theannta sin, níorbh fhéidir roinnt saincheisteanna a thabhairt chun críche, lena n-áirítear an measúnú riosca do thomhaltóirí.

(13) Foráiltear le hAirteagal 4(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 go bhféadfaí formheas srianta a dhéanamh ar shubstaintí a shainaithnítear mar shuaiteoirí inchríneacha más féidir a léiriú go bhfuil gá leis an tsubstaint ghníomhach chun rialú a dhéanamh ar bhaol tromchúiseach do shláinte plandaí nach féidir a smachtú ar mhodhanna eile atá ar fáil, lena n-áirítear modhanna neamhcheimiceacha. Ós rud é nár sholáthair an t-iarratasóir aon fhaisnéis chun an gá sin a léiriú, ní féidir an maolú sin a mheas.

(14) Chuir an Coimisiún dréacht-tuarascáil nuashonraithe athnuachana i gcás meapainipirime faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 12 Deireadh Fómhair 2023.

(15) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach i leith chonclúid an Údaráis. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach i leith na tuarascála athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(16) D'ainneoin na n-argóintí a rinne an t-iarratasóir, ní fhéadfaí an t-ábhar imní a chur as an áireamh.

(17) Dá réir sin, maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad, níor suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, is iomchuí gan formheas na substainte gníomhaí meapainipirim a athnuachan.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.

(19) Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit údaruithe maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil meapainipirim a tharraingt siar.

([6]) EFSA (Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2017. *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance mepanipyrim* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí meapainipirim]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2017;15(6):4852, 22 lgh. doi: 10.2903/j.efsa.2017.4852.

([7]) EFSA (Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023. *Updated conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance mepanipyrim* [Conclúid nuashonraithe maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí meapainipirim]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21(8), 1–26. doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8196.

(20) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil meapainipirim, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit aon tréimhse chairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níor cheart an tréimhse sin a bheith níos faide ná 12 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(21) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 ([8]), cuireadh síneadh le tréimhse formheasa mheapainipirime go dtí an 15 Márta 2025 chun go bhféadfaí an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte sin in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar cinneadh maidir le neamh-athnuachan ar an bhformheas roimh dháta éaga na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

(22) Leis an Rialachán seo ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir le meapainipirim a fhormheas de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí

Ní dhéantar formheas na substainte gníomhaí meapainipirim a athnuachan.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

I gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, scriostar an iontráil a bhaineann le meapainipirim.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

Déanfaidh na Ballstáit na húdaruithe a tharraingt siar maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil meapainipirim mar shubstaint ghníomhach faoin 20 Samhain 2024.

Airteagal 4

Tréimhse chairde

Aon tréimhse chairde a dheonaíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rachaidh sí in éag faoin 20 Bealtaine 2025.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis an síneadh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha Bacillus subtilis (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas Aizawai de Bacillus thuringiensis tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas Israeliensis (séiritíopa H-14) de Bacillus thuringiensis tréithchineál AM65-52, fospeiceas Kurstaki de Bacillus thuringiensis tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, Beauveria bassiana tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafop, Cydia pomonella Granulovirus (CpGV), ciopróidínil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, piridibein, pirimeiteanail, riomsulfúrón, spionasad, Trichoderma asperellum (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) tréithchineál T11, Trichoderma gamsii (ar a dtugtaí T. viride roimhe seo) tréithchineál ICC080, Trichoderma harzianum tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1).

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN